

Céimeanna Forbartha san Fhoghlaim sa Bhonnchéim

Contanam na CUMARSÁIDE – SCRÍBHNEOIREACHT

Riachtanais le hAghaidh Cumarsáide

Trasna an churaclaim, ag leibhéal atá fóirsteanach dá n-ábaltacht, ba chóir go gcuirfí ar chumas daltaí scileanna a fhorbairt in:

Scríbhneoireacht

Ba chóir go gcuirfí ar chumas daltaí:

<ul style="list-style-type: none"> labhairt ar obair, í a phleanáil agus a chur in eagar;
<ul style="list-style-type: none"> faisnéis, brí, mothúcháin, samhluithe agus smaointe a chur in iúl ar dhóigh shoiléir eagraithe;
<ul style="list-style-type: none"> smaointe a fhorbairt, a chur in iúl agus i láthair i bhfoirmeacha agus i bhformáidí éagsúla, agus acmhainní traidisiúnta agus digiteacha in úsáid le haghaidh spriocghrúpaí agus cuspóirí difriúla;
<ul style="list-style-type: none"> scríobh le cruinneas agus le hoilteacht atá ag méadú.

Ba cheart do mhúinteoirí deiseanna a chur ar fáil do dhaltai scil na Cumarsáide a úsáid trasna an churaclaim i súgradh, obair topaice agus i ngach Réimse Foghlama. Na ráitis ina luaitear gníomhaíochtaí an mhúinteora nó na ndaltaí, níl iontu ach eiseamláirí. Cuireann siad síos ar ghníomhaíocht **fhéideartha** múinteora le gach céim a léiriú. Ba chóir do mhúinteoirí, páistí a chumasú i gcomhthéacs a gcumais sa tumtheanga, le heolas scileanna a fhorbairt iontu seo.

Ó	Go	Síneadh ar Leibhéal de Dhul Chun Cinn: Leibhéal 1
<p>Tig le daltaí:</p> <ul style="list-style-type: none"> a thuiscint gur meán cumarsáide í an scríbhneoireacht; Taispeánann an múinteoir an ceangal idir teanga bhéil agus scríofa trí scríbhneoireacht i gcomhpháirt agus scríbhneoireacht mhúnlaithe. Deis measúnaithe: Éiríonn daltaí feasach ar an cheangal idir teanga bhéil agus teanga scríofa trí thriail a bhaint as marcanna a dhéanamh. 	<p>Tig le daltaí:</p> <ul style="list-style-type: none"> a thuiscint gur caint taifeadta atá i dtéacs scríofa/clóite; Labhraíonn an múinteoir faoi eachtraí, múnlaíonn sé/sí an dóigh a dtaifeadtar iad seo i scríbhneoireacht agus léann sé/sí iad do na daltaí. Deis measúnaithe: Léiríonn na daltaí gur mian leo scríobh trí rogha a dhéanamh bheith ag scríobh gan spreagadh. 	<p>Tig le daltaí:</p> <ul style="list-style-type: none"> labhairt ar a bhfuil siad ag dul a scríobh; Labhraíonn daltaí leis an mhúinteoir nó lena gcomhdhaltaí faoin rud ba mhaith leo a chur in iúl ina gcuid scríbhneoireachta, agus iad ag fáil cuidiú le struchtúr abairtí agus le stór focal nuair is gá.
<ul style="list-style-type: none"> idirdhealú a dhéanamh idir líníocht agus scríbhneoireacht; Léiríonn an múinteoir go bhfuil cuspóir ag baint leis an scríbhneoireacht, mar shampla, lipéad a scríobh do phéintéireacht nó do líníocht. Deis measúnaithe: Léiríonn na daltaí an tuiscint atá acu ar an difríocht idir líníocht agus scríbhneoireacht, bíodh sin i bhfoirm cainte nó trí mharcanna a bhreacadh. 	<ul style="list-style-type: none"> iad féin a fheiceáil mar scríbhneoirí i réimse gníomhaíochtaí; Cuireann an múinteoir comhthéacsanna agus cuspóirí ar fáil d'fhoirmeacha éagsúla scríbhneoireachta agus déanann sé/sí iad a mhúnlú. Deis measúnaithe: Déanann na daltaí iarracht scríobh ar son cuspóirí éagsúla, mar shampla, cártaí, lipéid agus liostaí. 	<ul style="list-style-type: none"> smaointe, mothúcháin agus idéanna óna n-eispéiris féin a chur in iúl trí úsáid a bhaint as siombailí, pictiúir, focail, frásaí agus abairtí simplí; Baineann daltaí úsáid as siombailí, pictiúir, focail, frásaí nó abairtí simplí lena dteachtairacht a chur in iúl.
<p>Tosaíonn measúnú an snáithe seo ar Leibhéal 2.</p>		
<ul style="list-style-type: none"> feasacht a léiriú ar threo an chló;¹ Déanann an múinteoir an dóigh a bhfeidhmíonn cló a mhúnlú. Deis measúnaithe: Déanann na daltaí iarracht scríbhneoireacht a dhéanamh, i réimse cásanna, agus in amanna, scríobhann siad cruthanna atá cosúil le litreacha agus a théann ó chlé go deas. 	<ul style="list-style-type: none"> a thuiscint go bhfoirmítear an scríbhneoireacht go treoch, focal ar fhocal; Déanann an múinteoir an dóigh le habairt a struchtúrú i nGaeilge agus a scríobh a mhúnlú. Taispeánann sé an chomhfhreagairt aon ar aon idir an scríbhneoireacht agus an focal labhartha a mhinice agus is féidir. Deis measúnaithe: Léiríonn na daltaí treochas agus iad ag scríobh i réimse cásanna. 	<ul style="list-style-type: none"> tabhairt faoi scríobh focal le fuaim a cheangal le siombail; Tig le daltaí tabhairt faoi fhocail a scríobh agus iad ag baint úsáid as an eolas atá acu ar na fuaimeanna atá ag litreacha.
<ul style="list-style-type: none"> turgnaimh a dhéanamh le scríbhneoireacht; Déanann an múinteoir comhfhreagairt aon ar aon a mhúnlú sa scríbhneoireacht. Deis measúnaithe: Tuigeann na daltaí gur caint thaifeadta atá i dtéacs scríofa. 	<ul style="list-style-type: none"> a fhiosrú cad é mar a scríobhtar focail; Déanann an múinteoir an dóigh le focail a litriú nó a aimsiú a mhúnlú. Deis measúnaithe: Déanann na daltaí réiteach fadhbanna ar an dóigh le focail a scríobh trí chomhfhreagairt fuaim-siombail a chur i bhfeidhm nó trí fhocail a aimsiú sa timpeallacht. 	<ul style="list-style-type: none"> tabhairt faoi eochairfhocail phearsanta a scríobh; Tig le daltaí focail a fheiceann agus a úsáideann siad go minic a scríobh, a n-ainmneacha féin, nó ainm peata, focail a fheiceann siad sa timpeallacht, mar shampla.
<ul style="list-style-type: none"> greim a bhreith ar phinn luaidhe agus ar uirlisí eile ar dhóigh chuí. Cuireann an múinteoir deiseanna ar fáil trí ghníomhaíochtaí lescileanna mórluaile/mínluaile agus rogha láimhe a fhorbairt. Deis measúnaithe: Úsáideann na daltaí uirlisí scríbhneoireachta agus meáin eile le marcanna agus cruthanna atá cosúil le litreacha a dhéanamh. 	<ul style="list-style-type: none"> greim compordach, éifeachtach a úsáid agus tosú ar roinnt litreacha a fhoirmiú mar is ceart. Tugann an múinteoir saintreoir ar fhoirmiú ceart na litreacha agus comhordú na ndaltaí ag forbairt. Deis measúnaithe: Léiríonn na daltaí tuiscint ar threochas ceart fhoirmiú na litreacha, agus iad ag úsáid uirlisí scríbhneoireachta mar is cuí. 	<ul style="list-style-type: none"> litreacha cás íochtair agus litreacha cás uachtair a dhéanamh. Tig le daltaí a léiriú go bhfuil smacht éigin acu ar mhéid, cruth agus treoshuíomh litreacha cás íochtair agus litreacha cás uachtair.

Tá na tagairtí don tsraith bileog *Language and Literacy in the Foundation Stage* de chuid CCEA, ar fáil ag www.ccea.org.uk:

¹ Writing leathanach 4